

Pictiúir faoi Chaibidil, Seachtain 21: *Tara's Halls*



Tara's Halls, ceannaithe in 1920, William Magrath, olaphictiúr ar chanbhás

Eolas maidir leis an saothar ealaíne

An t-ealaíontóir Corcaíoch, William Magrath, a rinne an t-olaphictiúr mór seo agus chaith sé breis is ceithre bliana ag obair air. Tá an t-olaphictiúr seo bunaithe ar amhrán a scríobh Thomas Moore dar teideal “The Harp That Once through Tara’s Halls” agus léirítear ann slua bailithe i halla mór ag Teamhair, áit a bhfuil cruitire i mbun ceoil álainn. Tá an Rí ina shuí síos, cuma shuaimhneach agus mhaorga air, agus a chú faoil dílis lena thaobh. Tá an Bhanríon, a bhfuil róbaí geala á gcaitheamh aici, ag féachaint chun cinn ag éisteacht go géar leis an amhrán, agus tá a lámh sínte i dtreo lámh an Rí aici. Tá prionsaí, fir uaisle, easpag, gaiscígh agus cúirteoirí faoi dhraíocht ag an gceol.

Bímis ag Canadh:


***The Harp That Once Through Tara's Halls* le Thomas Moore**

*The harp that once through Tara's halls
the soul of music shed
now hangs as mute on Tara's walls
as if the soul were fled
So sleeps the pride of former days so glory's thrill is over
and hearts that once beat high for praise*

now feels that pulse no more

*No more to chiefs and ladies bright
the harp of Tara swells
the chord alone that breaks at night
its tale of ruin tells
Thus freedom now so seldom wakes
the only throb she gives
is when some heart indignant breaks
to show that still she lives*

Teamhair



Is láthair ársa deasghnátha agus adhlactha i gCo. na Mí í Teamhair. Sa lá inniu ann, is cnoc féarmhar atá ann, ach tráth dá raibh is ann a bhí suíochán Ardríthe na hÉireann. Deirtear go raibh 142 Rí i réim ann. Tugtar léargas sa léaráid ar na gnéithe atá le feiceáil os cionn na talún ach tá seandálaithe i gcónaí ag teacht ar shéadchomharthaí nua faoi thalamh ag Teamhair trí úsáid a bhaint a suirbhéanna geofisiceacha chun léargas a fháil ar an méid atá ag tarlú faoin ithir gan í a thochailt!



Is gallán é Lia Fáil atá le fáil ar an gcarn oirnithe ag Teamhair a úsáideadh mar chuid de shearmanas corónaithe Ríthe. Deirtear go bhfuil draíocht ag baint leis agus má leag an Rí dlisteanach a chos ar an gcloch, go ligfeadh an chloch gáir áthais aisti agus go mbeadh an gháir le cloisteáil fud fad na hÉireann!

An féidir leat an chuma a bhí ar an áit seo a shamhlú nuair a bhí Ríthe agus Banríona ina gcónaí ann? B'fhéidir go bhféadfá cuairt a thabhairt ar Theamhair am éigin agus ar an tuama pasáiste in aice láimhe i Sí an Bhrú.

Brian Bóramha agus Ardríthe na hÉireann



Fadó fadó, bhí Ríthe i gceannas ar Éirinn. Bhí ríthe difriúla i gceantair dhifriúla ach bhí Ardrí i gceannas ar oileán iomlán na hÉireann, óna ríchathaoir i dTeamhair. Tá neart scéalta faoi Ardríthe na hÉireann, tá cuid acu fíor agus tá cuid acu bréagach. Tháinig deireadh le ré Ríthe na hÉireann nuair a rinne na hAngla-Normannaigh ionradh ar Éirinn agus nuair a chuir siad an tír faoi chois ag deireadh an 12^ú hAois agus cailleadh an tArdrí deiridh, Ruaidrí Ua Conchobair, sa bhliain 1198.

Seans gurb é Brian Bóramha an tArdrí ba cháiliúla a bhí i gceannas ar Éirinn idir an bhliain 1002 agus an bhliain 1014. Bhí sé i gceannas ar Mhumha ar dtús, ansin Laighin agus ar deireadh ainmníodh é mar Ardrí na hÉireann. Ach ní raibh gach duine sásta nuair a bhí Brian Borámha i gceannas agus sa bhliain 1014 tharla cath fíochmhar i gCluain Tarbh idir arm Bhrian Borámha agus arm na Lochlannach agus Arm na hÉireann ó Bhaile Átha Cliath agus

Laighin. Maraíodh Brian ach bhuaigh a arm Cath Chluain Tarbh, rud a chiallaigh gur ghlac daoine leis mar laoch. An raibh a fhios agat go bhfuil an sloinne Ó Briain nasctha leis an ainm Brian Borámha? Más é Ó Briain do shloinne, seans go bhfuil gaol éigin agat le Brian Borámha! B'fhéidir gur mhaith leat níos mó scéalta a léamh faoi Bhrian Borámha agus níos mó seanscéalta, miotas agus finscéalta Éireannacha a léamh trí leabhair a fháil ó do leabharlann áitiúil.

An Chruit



harp

Is uirlis cheoil thraidisiúnta í an chruit atá á seinm in Éirinn leis na céadta bliain anuas. Bhí tábhacht ar leith ag baint le cruitirí i sochaí na hÉireann agus bhíodh ceol na cruite le cloisteáil i gcónaí ag ócáidí sóisialta móra. Is í an chruit suaitheantas nó siombail na hÉireann. An raibh a fhios agat gurb í Éire an t-aon tír ar domhan arb ionann a siombail agus uirlis cheoil? Bhí cruit óir ar chúlra glas ar sheanbhratach na hÉireann go dtí gur athraíodh an bhratach go dtí an Trídathach (glas, bán agus óir) sa bhliain 1922 tráth ar cruthaíodh Saorstát Éireann. Ar chuala tú aon duine ag seinm na cruite riamh?


Déanamise Coróin

Is féidir leat do choróin féin a dhéanamh sa bhaile agus ligean ort féin gur Rí nó Banríon thú agus go bhfuil tú i do shuí sa ríchathaoir i dTeamhair:


Faigh píosa cairtchláir ar féidir leat é a chur mórthimpeall ar do chloigeann.

Déan cruth corónach de cosúil leis an gcruth atá le feiceáil sa phictiúr thíos.

Gearr amach an cruth corónach agus clúdaigh le scragall stáin, agus bain úsáid as téip ghreamaitheach nó gliú chun é a ghreamú.



Ansin, is féidir leat do choróin a mhaisiú ionas go bhfuil an chuma uirthi go bhfuil sí clúdaithe le seoda áille. Is féidir leat cruthanna a ghearradh amach as clúdaigh milseáin nó píosa de pháipéar daite agus iad seo a ghreamú le gliú.



Nuair a bhíonn do choróin maisithe agat, greamaigh na codanna deiridh le chéile le téip... agus beidh do choróin críochnaithe!



Céard faoi shearmanas corónaithe a eagrú ionas go mbeidh tú réidh chun do ríocht a rialú? D'fhéadfá ríchathaoir a dhéanamh trí chathaoir a chlúdach le pluid agus pluid eile a úsáid mar chlóca.

Cén cineál Rí nó Banríona a bheidh ionat? Cairdiúil nó olc? An mbeidh fonn ort go leor orduithe a thabhairt dóibh siúd atá ag freastal ort? An mbeidh béilí móra agat sa halla cóisire? An mbeidh tú ar dhroim capaill nuair a bheidh tú i mbun catha agus an mbeidh do chú faoil dílis taobh leat?

Ba bhreá linn do scéalta a chloisteáil agus na saothair ealaíne atá déanta agaibh bunaithe ar Pictiúir faoi Chaibidil! Roinn gach rud linn ar Facebook, Instagram agus Twitter tríd an haischlib **#crawfordartgalleryhomelife**.

Gníomhaíochtaí agus léaráidí forbartha ag Hazel Hurley.